BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath

Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil

Eanáir 2023

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

BUS CONNECTS GALWAY
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

BARRY TRANSPORTATION

BUS
CONNECTS
GALWAY
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

Clár na nÁbhar

Réamhrá 4
BusConnects 5
Cúlra 6
Cuspóirí na Scéime 7
Próiseas Roghnúcháin na Roghanna 8
An Bealach is Dealraithí a Roghnófar 9
Treoirléarscáil 10
Cuir do Thuairim in Iúl 21
Tuilleadh Eolais 21
Déan Teagmháil Linn 22
Na Chéad Chéimeanna Eile 23

Réamhrá

De réir mar atá Cathair na Gaillimhe agus a purláin ag leanúint ar aghaidh ag fás, baineann fíorthábhacht le forbairt na cathrach mar phríomhionad geilleagrach Iarthar na hÉireann amach anseo a chosaint agus a chinntiú go bhfuil an fhorbairt seo inbhuanaithe. Ní mór díriú ar na saincheisteanna iompair atá ábhartha i gcomhthéacs na cathrach agus na gceantar mórthimpeall i láthair na huaire, chun tacú le fás amach anseo trí straitéis fhadtéarmach a bhunú maidir leis an gcóras iompair a bheidh ag freastal ar dhaoine atá ag taisteal chun na cathrach, laistigh den chathair agus mórthimpeall na cathrach.

Ar go leor bealaí, tá go leor codarsnachtaí le tabhairt faoi deara i gcathair na Gaillimhe chomh fada is a bhaineann lena forbairt fhisiciúil agus riachtanais iompair. Ainneoin go bhfuil croílár na Gaillimhe beag agus insiúlta, taobh amuigh de lár na cathrach tá na bruachbhailte forbartha mar cheantair chónaithe agus fostaíochta ísealdlúis, rud is cúis le go leor carranna príobháideacha a bheith in úsáid mar mhodh iompair.

Tá tionchar aige seo ar an gcontae agus ar an réigiún trí chéile, de bhrí go bhfuil go leor daoine ag taisteal chuig an gcathair chun críche oibre nó oideachais ó na bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe mórthimpeall.

Ar mhaithe le déileáil leis na saincheisteanna seo, d'fhorbair Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe, i gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS), arb é an aidhm atá léi díriú ar na riachtanais iompair atá ag an gcathair agus ag na bailte agus sráidbhailte mórthimpeall faoi láthair agus na riachtanais a bheidh acu amach anseo.

Sainaithníodh in GTS tograí sonracha le haghaidh an R338/Bóthar Bhaile Átha Cliath a bhaineann leis an mbonneagar iompair phoiblí, rothaíochta agus coisithe. Cuimsítear ina measc seo lánaí bus a sholáthar feadh an bhóthair ar fad, saoráidí do rothaithe agus feabhsuithe agus uasghráduithe ar chosáin agus ar thrasrianta coisithe.

BusConnects

Iompar inbhuanaithe do chathair níos fearr



Bealaí Bus atá Molta i Straitéis Iompair na Gaillimhe

Is príomhghné de bheartas an Rialtais chun iompar poiblí a fheabhsú agus díriú ar an athrú aeráide é BusConnects. Tá Gaillimh ag fás, agus teastaíonn gréasán bus sa chathair a fhreastalaíonn ar Mhórcheantar na Gaillimhe, agus ar an gceantar mórthimpeall.

Is é atá mar aidhm le BusConnects seirbhís bus níos fearr a chur ar fáil do gach duine; an pobal, an chathair agus an timpeallacht. Tá sé mar aidhm ag BusConnects seirbhís bus níos fearr, níos iontaofa agus níos éifeachtúla a chur ar fáil. Beidh níos mó busanna ag taisteal chuig níos mó áiteanna, níos minice.

Is príomhghné de roinnt beartas Rialtais agus réigiúnach é BusConnects a n-áirítear ina measc Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, Creat Náisiúnta Pleanála 2040 agus Straitéis Iompair na Gaillimhe.

Cúlra

Is é an R338/Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh ceann de na príomhbhealaí artaireacha atá ag freastal ar Lár Chathair na Gaillimhe. Ritheann an R338 ón taobh thoir d'Acomhal Mhóinín na gCiseach chomh fada le hAcomhal Bhóthar Dhabhach Uisce agus tá roinnt sainchomharthaí tíre agus roinnt nithe is díol spéise le fáil feadh an bhealaigh.

BusConnects na Gaillimhe: Is conair leanúnach 4km é Bóthar Bhaile Átha Cliath de shaoráidí iompair ar ardchaighdeán do choisithe, rothaithe agus don phobal a bheidh mar bhonn le cothromaíocht a chinntiú idir riachtanais iompair agus íogaireacht uathúil thimpeallacht an cheantair.

Tá ról lárnach ag BusConnects na Gaillimhe: Tionscadal Bhóthar Bhaile Átha Cliath i soláthar Straitéis Iompair na Gaillimhe a bhfuil sé mar aidhm léi bonneagar a sholáthar chun an méid úsáide atá á baint ascarranna príobháideacha a laghdú, tacú le siúl agus rothaíochta, mar aon le tacú le minicíocht níos fearr agus iontaofacht am turais feabhsaithe seirbhísí áitiúla bus, agus seirbhísí réigiúnacha agus náisiúnta bus.

In 2020, reáchtáladh comhairliúchán neamhreachtúil maidir le 'An Bealach is Dealraithí a Roghnófar'. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán seo fuair an fhoireann deartha léargas iontach ar thuairimí daoine agus d'éirigh leo neart eolais a bhailiú.

Ó reáchtáladh an comhairliúchán seo, d'éiligh athruithe suntasacha ar an treoir deartha agus soláthair go ndéanfaí athbhreithniú ar an dearadh molta, d'fhonn a chinntiú go raibh an 'dea-chleachtas' á chomhlíonadh. Áirítear i measc na n-athruithe seo nuashonruithe ar an gCód Caiteachais Phoiblí, treoir deartha athbhreithnithe maidir le leagan amach conairí bus agus Treoirlínte Athbhreithnithe an Údaráis Náisiúnta Iompair maidir le Faomhadh Tionscadail.

Mar thoradh ar na hathruithe seo agus bunaithe ar aiseolas a fuarthas ón gcéad chomhairliúchán poiblí maidir le BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath, tá 'An Bealach is Dealraithí a Roghnófar' nuashonraithe.

Táthar anois ag fáiltiú roimh aiseolas faoi 'An Bealach is Dealraithí a Roghnófar' nuashonraithe, mar chuid den dara comhairliúchán poiblí neamhreachtúil seo ar thograí BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath.

Cuspóirí na Scéime

Is é cuspóir BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath bonneagar feabhsaithe siúil, rothaíochta agus bus (ilmhódach) a sholáthar, réiteach iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus comhtháite ón taobh thoir d'Acomhal Mhóinín na gCiseach chomh fada le hAcomhal Bhóthar Dhabhach Uisce. Tá sé seo ag teacht le haidhm straitéiseach Straitéis Iompair na Gaillimhe.

Tá na sé chuspóir scéime seo a leanas sainaitheanta.

Geilleagar - Fás inbhuanaithe Chathair na Gaillimhe a fheabhsú agus tacú leis trí chonair ilmhódach leanúnach ar ardchaighdeán a sholáthar a bheidh mar bhonn le hamanna turas bus agus iontaofacht am turais feadh an R338/Bóthar Bhaile Átha Cliath a fheabhsú.

Sábháilteacht – Sábháilteacht coisithe agus rothaithe a fheabhsú trí shaoráidí feabhsaithe agus scartha siúil agus rothaíochta a sholáthar feadh an R338/ Bóthar Bhaile Átha Cliath, rud a chuideoidh le taisteal gníomhach a mhéadú.

Comhtháthú – Nascacht a fheabhsú idir:
(a) Lár Chathair na Gaillimhe agus a comharsanachtaílena n-áirítear An Rinn Mhór, An Baile Bán, DabhachUisce, An Pháirc Mhór agus Na hArdáin;
(b) Cathair na Gaillimhe agus bailte réigiúnacha cosúil lehÓrán Mór, Baile Átha an Rí agus An Gort; agus
(c) Cathair na Gaillimhe agus an gréasánmótarbhealaí idiruirbeach.

Timpeallacht – Cur leis an méid úsáide atá á baint as iompar poiblí agus taisteal gníomhach trí sheirbhís iompair phoiblí atá éifeachtach, ísealcharbón agus seasmhach ó thaobh na haeráide a sholáthar, a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a chomhlíonadh.

Inrochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta – Rochtain ar sheirbhísí agus limistéir taobh amuigh a fheabhsú, Coillte Mhuirlinne, Trá Bhaile an Locháin, feadh an R338/ Bóthar Bhaile Átha Cliath, mar shampla, trí roghanna iompair do gach duine a fheabhsú, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu agus daoine atá ag taisteal le leanaí.

Gníomhaíocht Fhisiciúil - Tacú le deiseanna siúil agus rothaíochta sa phobal mar thoradh ar shaoráidí siúil agus rothaíochta feabhsaithe agus scartha a chabhróidh le dlús a chur faoi ghníomhaíocht fhisiciúil.

Próiseas Roghnúcháin na Roghanna

Baineadh tairbhe as próiseas measúnaithe roghanna dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, rinneadh measúnú ardleibhéil ar gach rogha bealaigh féideartha nó próiseas 'scagtha' chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na roghanna conair ilmhódach a sholáthar. Rinneadh measúnú ar gach rogha bealaigh a d'fhéadfadh a bheith inmharthana chomh fada is a bhain leis an gcumas cuspóirí na scéime a chomhlíonadh agus bhí an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil agus ar thuiscint ghinearálta ar na coinníollacha agus srianta fisiciúla a bhí ann.

I rith chéim an mheasúnaithe, díríodh ar shrianta ardleibhéil innealtóireachta agus timpeallachta cosúil le maoin atá tógtha sa cheantar, crainn fhásta agus gnéithe seandálaíochta. Is é cuspóir chéim an mheasúnaithe cinneadh a dhéanamh maidir leis na roghanna is inmharthana ar cheart iad a chur san áireamh do thuilleadh measúnaithe mionsonraithe.

I ndiaidh an mheasúnaithe 'scagtha', forbraíodh dearaí tosaigh na scéime bunaithe ar na srianta sonracha a tugadh faoi deara ar chodanna difriúla den bhealach. Ansin forbraíodh dearaí tosaigh na scéime do gach limistéar agus cuireadh próiseas measúnaithe i gcrích de réir Threoirlínte na Roinne Iompair maidir le Creat Coiteann Breithmheasa do Thionscadail Iompair.

Ansin rinneadh measúnú ar na roghanna do gach limistéar bunaithe ar chuspóirí na scéime. Ansin rangaíodh gach rogha chun an rogha is fearr do gach limistéar a shainaithint a bhí mar bhonn le cinneadh a dhéanamh faoin mBealach is Dealraithí a Roghnófar. Saineolaithe i réimsí cosúil le bithéagsúlacht, caighdeán an aeir, an t-athrú aeráide, measúnú tírdhreacha agus oidhreacht chultúrtha a bhí freagrach as forbairt agus measúnú na roghanna.

An Bealach is Dealraithí a Roghnófar

Glactar leis gurb ionann An Bealach is Dealraithí a Roghnófar agus an bealach is fearr ag féachaint do bhithéagsúlacht, caighdeán an aeir, an t-athrú aeráide, measúnú tírdhreacha agus oidhreacht chultúrtha fad is atá cuspóirí na scéime á gcomhlíonadh.

Cuimsítear sa Bhealach is Dealraithí a Roghnófar lánaí bus ar leith i ngach treo, lánaí rothaíochta agus cosáin scartha feadh an bhealaigh ar fad. Tá trácht ginearálta dhá threo ceadaithe ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Tá gach acomhal suntasach feadh an bhealaigh uasghrádaithe agus is acomhail le comharthaí iad atá ag freastal ar choisithe agus ar rothaithe.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbealach atá beartaithe le fáil sna líníochtaí maidir leis an modh eagair ghineárálta ar na leathanaigh ina dhiaidh seo.

Cuid den Bhealach is Dealraithí a Roghnófar ag Páirc an Tobair/Bráithre na Carthanachta.
Tá na sonraí ar fad le fáil ar leathanach 11.



Treoirléarscáil

TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Bhealach is Dealraithí a Roghnófar a thaispeántar ar na líníochtaí seo a leanas ach treoir agus tá sé faoi réir athraithe i ndiaidh comhairliúcháin agus mar chuid de phróiseas forbartha an dearaidh.



LEGEND:

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY

SECTION A - A



SECTION B - B





LEGEND:

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY





Glenina Heights Radharc Reatha Thoir

An Radharc Thoir atá molta ag Glenina Heights



LEGEND:

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY





ATU Cathair na Gaillimhe Radharc Reatha Thiar

ATU Cathair na Gaillimhe Radharc Beartaithe Thiar

Geata Mhuirlinne Radharc Reatha Thoir

Radharc Beartaithe Thoir Geata Mhuirlinne





© Copyright Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2022/21/CCMA/Galway City Council

LEGEND:

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY





Na Móinéir Reatha Radharc Thiar

Na Móinéir Molta Radharc Thiar





LEGEND:

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY







© Copyright Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2022/21/CCMA/Galway City Council

LEGEND:

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY



Cuir do Thuairim in iúl

Fáiltíonn foireann deartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath roimh aiseolas maidir le 'An Bealach is Dealraithí a Roghnófar'.

Cabhróidh an t-aiseolas seo leis an bhfoireann deartha dearadh ar féidir é a phróiseáil trí an bpróiseas toilithe pleanála a ullmhú.

Tá aiseolas ó pháirtithe leasmhara riachtanach chun cabhrú leis an dearadh, agus fáiltítear roimh thuairimí ó gach duine. Sa chás gur dóigh leat go bhfuil rogha níos fearr ann, smaoinigh ar eolas maidir le réiteach malartach nó rogha eile a d'fhéadfaí a bhreithniú.

Tá eolas le fáil ar thaobh na láimhe deise agus ar an leathanach ina dhiaidh seo maidir le conas aiseolas a roinnt leis an bhfoireann deartha.

Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais maidir le tionscadal BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath le fáil sa 'seomra eolais fhíorúil' ag an nasc thíos.

Anseo gheobhaidh tú spás idirghníomhach ina mbeidh deis agat súil a chaitheamh ar eolas tábhachtach a bhaineann leis an tionscadal lena n-áirítear:

- Físeán gearr maidir leis an mBealach is Dealraithía Roghnófar
- Líníochtaí maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar
- Eolas maidir le conas aiseolas a chur ar fáil.
- Áis chun cruinniú a eagrú

https://www.innovision.ie/bcgdublinroad

Déan Teagmháil leis an bhFoireann Deartha

Is féidir leat aiseolas maidir le tionscadal BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath a roinnt

- Ar líne, tríd an bhfoirm aiseolais atá le fáil sa seomra eolais fhíorúil, https://www.innovision.ie/bcgdublinroad
- Trí r-phost - info@bcgdublinroad.ie
- Tríd an bpost
  BusConnects na Gaillimhe: Comhairliúchán Bhóthar Bhaile Átha Cliath
  Comhairle Cathrach na Gaillimhe
  Bóthar an Choláiste
  Gaillimh H91 X4K8
- Trí ghlaoch ar an uimhir 1800 911 090
  9:00am - 5:00pm, Luan - Aoine

Na Chéad Chéimeanna Eile

Ag deireadh an chomhairliúcháin phoiblí, ullmhófar tuarascáil ina bhfuil achoimre déanta ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí agus ar na haighneachtaí faighte. Athbhreithneofar agus breithneofar gach aighneacht. Cuirfear aon leasuithe a dhéantar ar na mBealach is Dealraithí a Roghnófar a eascraíonn as an bpróiseas comhairliúcháin atá oiriúnach, agus a théann chun tairbhe na scéime trí chéile, san áireamh.

Ansin cuirfidh an Fhoireann Deartha tús le Céim 3 - Réamhdhearadh. Is é cuspóir na céime seo dearadh an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar a fhorbairt, a roghnaíodh i rith Chéim 2, lena n-áirítear leagan amach na conaire iompair agus na socruithe acomhail, agus déanfar meastóireacht chomhshaoil ar an dearadh ag leibhéal a chinnteoidh gur féidir riachtanais a bhaineann le tógáil talún a bhunú agus gur féidir an tionscadal a threorú tríd an bpróiseas reachtúil. I rith Chéim 3, déanfar tuilleadh plé le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara mar chuid den phróiseas deartha leanúnach. Foilseofar nuashonruithe ar shuíomh gréasáin an tionscadail www.bcgdublinroad.ie agus sna meáin áitiúla agus sna meáin shóisialta freisin. Bheadh aon chinneadh dul ar aghaidh leis an tionscadal iomlán seo faoi réir chead pleanála ón mBord Pleanála. Mar chuid den phróiseas sin is féidir le baill den phobal aighneacht nó tuairim a thabhairt don Bhord Pleanála.



Chun nuashonruithe a fháil ar na Garspriocanna Tionscadal Buntábhachtacha seo féach ar ár suíomh Gréasáin ag bcgdublinroad.ie

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

BUS CONNECTS GALWAY
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

BARRY TRANSPORTATION

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, tabhair cuairt ar www.bcgdublinroad.ie

Eanáir 2023